




*Ar Chlé: Johnny Joe Mharcais Ó Curraoin  
Ar Dheis: a dheartháir Pat Joe Mharcais - as Bothúna.*

Níltear cinnte go díreach cén bhliain ar tógadh pictiúr Johnny thuas, ach tógadh pictiúr Phat ar an 6 Iúil 1946 i Columbia Studios i Londain.



*B'fhéidir go gceapann cuid againn nach fada ó bhí an Naomh Fanna ag tarraingt lastais as Gaillimh go dtí Oileáin Árann... ach seans go bhfuil cuid mhaith dár léitheoirí nach bhfaca riamh í!*

## *An Cumann Forbartha i nith 1998*

*Seo a leanas oifigigh agus baill choiste an Chumainn:*

**Cathaoirleach:** An tAth Mícheál Ó Flannabhra;

**Rúnaí:** Pádraig Ó Héalaí;

**Cisteoir:** Séamas Ó Fátharta;

**Baill:**

Bríd Bhreathnach, Ivan Mac Philib, Eibhlís Ní Chonghaile; Mamie Ní Chualáin, Seosamh Ó Braonáin, Barry Ó Coisdealbha, Caoimhín Ó Conaill, Páraic (Willie) Ó Fátharta, Mícheál Ó Fátharta, Gearóid Ó Murchadha, Joe Steve Ó Neachtain, Breandán Ó Tuairisg.

### Gníomhaíochtaí

Bíonn cruinniú míosúil ag an gCumann ag a ndírítear ar fhorbairtí fisiciúla agus cultúrtha a rachaidh chun tairbhe do phobal an cheantair. Seo a leanas cuid de na tograí a bhí á gcur chun cinn ag an gCumann i gcaitheamh na bliana seo caite:

- Feabhas ar bhóthar Leitir Fir;
- Feabhas ar an gcasán fan an bhóthair ó Shiopa an Phobail siar go Coláiste Cholm Cille;
- Casán nua fan an bhóthair ó Choláiste Cholm Cille siar;
- Soilsiú an bhóthar thart ar an Séipeal;
- Cigireacht shásuil ar chaighdeán an tsoláthair uisce;
- Athchóiriú ar chéibh an Locháin Bhig;
- Athchóiriú sheanscoil Sailearna;

- Glanadh Reilig an Chnoic;
- Scéim phíolótach séarachais a bhunu sa cheantar;
- Leacht cuimhneacháin ar an nGorta;
- Leacht fáiltithe chuig Paróiste an Chnoic;
- Bunú forais oideachais Tríú Leibhéil sa Ghaeltacht;
- Tacú le bille cearta teanga;
- Rannpháirtíocht i gcomórtas Ghlór na nGael;
- Plean forbartha cúig bliana a réiteach;
- Suirbhé teanga a réiteach;
- Daingniú stádas an cheantair mar Ghaeltacht;
- Comhoibriú le Meitheal Forbartha na Gaeltachta i réimsí a bhaineann le hobair an Chumainn;
- Iriseán a chur amach.

Tá ionadaíocht ag an gCumann freisin ar choistí eagraíochtaí eile mar *Chumas Teo.*, *Coiste na nAosach*, agus *Comhlacht na nAosach* (a reachtáileann scéim tithíochta Thearmann Ainnín). Is fochoiste den Chumann Forbartha é an Club Óige.

Bíonn fáilte mhór ag an gCumann i gcónaí roimh bhaill nua, gan dabht. Más spéis leatsa bheith ar choiste an Chumainn, téigh i dteagmhail láithreach leis an Rúnaí nó le ball ar bith eile den Choiste.

*Pádraig Ó Héalaí.*